



FORLÉARGAS AR 2020

21

CRUINIÚ AN ÚDARÁIS

27

CRUINIÚ COISTE

2

IMEAGHT AR LÍNE

6

FOILSEACHÁN

10

TUARASCÁIL UM COVID-19



AN PHÓILÍNEAGHT UM COVID-19 A DHÉANAMH

Rinneadh mionscrúdú ar an tslí a n-úsáidtear cumhachtaí éigeandála agus an fheagairt póilíneachta le linn srianta a bheith i bhfeidhm agus chuathas i dteagmháil le raon páirtithe leasmhara ag an am céanna, agus ina measc siúd ionadaithe thar ceann gnólachtaí, pobail mhionlaigh agus íospartaigh chun fáil amach faoin eispéireas atá acu siúd ar an bpóilíneacht le linn na tréimhse seo.



AN FRITH-ÉILLIÚ

Rinneadh monatóireacht ar fhorbairt an Aonaid Fhrith-Éillithe nua agus tugadh deis don Choimisinéir forbairtí i dtionscnaimh frith-éillithe a chur in iúl don phobal, ar mhaithe leis an bpóilíneacht ardchaighdeán a chur chun cinn agus chun deimhniú go bhfuil iontaoibh ag an bpobal ionainn.



SAMPLAÍ DNA

Rinneadh Athbhreithniú an Gharda Síochána ar Shamplaí DNA a bhreith roinnt uaireanta. Leanann an tÚdarás Póilíneachta ar aghaidh ag tabhairt maoirseachta don scrúdú leanúnach ar an athbhreithniú, agus do na moltaí a éiríonn as.



AN BILLE UM AN BPÓILÍNEAGHT AGUS AN TSÁBHÁILTEAGHT PHOBAIL

Rinneadh machnamh ar chúig bliana d'eispéireas agus saintaithí maoirseachta, agus roinneadh ár dtuairimí ar struchtúir reachtaíochta nua atá beartaithe chun an mhaoirseacht éifeachtach leanúnach ar an bpóilíneacht sa stát a chinntiú.



AN SCÉIM UM RABHADH AOSACH

Choimisiúnaíodh athbhreithniú ar an tslí a bhfuil an Scéim curtha i bhfeidhm ag an nGarda Síochána, agus béim curtha ann ar phríomhcheisteanna sa rialachas agus sa chaighdeán sonraí agus moltaí curtha ar fáil ann chomh maith maidir le conas é a fheidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla.



LEANAÍ & AN TAOS ÓG

Leanadh ar aghaidh ag déanamh maoirseachta ar shaincheisteanna atá fós gan réiteach ón athbhreithniú ar an Athstiúradh Óige agus ó thuarascáil Chigireacht an Gharda Síochána ar láimhseáil chásanna Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí, agus ag déanamh iad sin a phlé.

CEAPACHÁIN GHARDA SHINSEARACHA

3

COIMISINÉIRÍ CÚNTA

1 duine amháin díobh i gcáil ghníomhach

10

ARD-CHEANNFOIRT

45

CEANNFORT

5

PRÍOMH-OIFIGEACH

AN OBAIR ALLAMUIGH & AN GNÍOMHÚ

70


GNÍOMHÚ UM PHLEAN PÓILÍNEACHTA

48

GEALLSEALBHÓIR

25

COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA



FAISNÉIS FAOIN EAGRAÍOCHT



36 FOSTAÍ

Gach duine díobh ag obair go cianda



€2.9M

Caiteachas réamh-mheasta

TOSAÍOCHTAÍ CORPARÁIDEACHA

